

# COMHAD FÍRICÍ: FOGHLAIM DON TSAOL AGUS DON OBAIR GCSE



## Aonad 1 – Saoránacht Áitiúil agus Dhomhanda



### Na buntáistí agus na dúshláin as féiniúlacht chultúrtha á cur in iúl

#### Cad é is ciall le Féiniúlacht Chultúrtha?

Baineann féiniúlacht an duine aonair le cén cineál duine thú. Tá a lán gnéithe éagsúla fite fuaite i bhféiniúlacht an duine lena n-áirítear:

- aois;
- inscne;
- bunadh eitneach;
- creideamh;
- tuairimí polaitiúla.

Tá a lán rudaí thart orainn a imríonn tionchar (a théann i bhfeidhm) ar ár bhféiniúlacht lena n-áirítear:

- teaghlach;
- cairde;
- pobal;
- eaglais;
- ceannairí polaitiúla.

Is é atá i gceist le féiniúlacht chultúrtha ná gur cuid de ghrúpa sóisialta muid agus tá cleachtais agus traidisiúin i gceist léi fosta. Is féidir linn ár bhféiniúlacht chultúrtha a chur in iúl (a léiriú) trí na rudaí seo a leanas:

- bia agus deoch;
- spórt;
- teanga;
- creideamh agus cleachtadh reiligiúnach;
- feilte agus paráidí;
- ceol;
- éadaí;
- tuairimí polaitiúla.

Tá muid inár gcónaí i sochaí ilchineálach agus tá réimse mór féiniúlachtaí chultúrtha le sonrú i bpobal Thuaisceart Éireann. Glactar leis go forleathan fós gurb iad Caitliceach/Náisiúnach agus Protastúnach/Aontachtach an dá fhéiniúlacht chultúrtha is mó i dTuaisceart Éireann. Cad iad na féiniúlachtaí chultúrtha eile sa tsochaí atá againn i do bharúil?

#### Buntáistí as féiniúlacht chultúrtha á cur in iúl

Tá a lán buntáistí as féiniúlacht chultúrtha á cur in iúl lena n-áirítear:

- muintearas;
- caoinfhulaingt a fhoghlaim;
- eispéiris i bpáirt – triail a bhaint as traidisiúin nua chultúrtha, m.sh. bia, teanga agus ceol;
- dearcadh níos oscailte a bheith agat;
- sochaí ilchultúrtha a chur chun cinn;
- foghlaim faoi chomhthuiscint;
- muinín sa phobal i gcoitinne a chothú;
- meas a chur chun cinn.

#### Dúshláin as féiniúlacht chultúrtha á cur in iúl

Ar an drochuair uaireanta tagann dúshláin chun cinn agus féiniúlachtaí chultúrtha á gcur in iúl, lena n-áirítear:

- stéiréitíopáil;
- claontacht;
- seicteachas;
- ciníochas;
- leithcheal.

## Ról dearfach na mionlach eitneach i dTuaisceart Éireann

Tá daonra Thuaisceart Éireann ag athrú. Mar shampla, tá inimircigh ón Pholainn; ón tSín; ó na Filipínigh; ón Liotuáin; ón Rómáin sa phobal s’againn. Cuireann sé seo le saol an phobail agus cuireann sé deiseanna ar fáil dúinn sochaí ilchineálach, caoinfulangach a chruthú.

## Buntáistí – Inimirce

- Cothaíonn sí caoinfhuilangt agus tuiscint i leith pobail ó chultúir dhifriúla.
- Cuireann sí le saol ár bpobal trí eispéiris a roinnt le daoine éagsúla.
- Saothraíonn sí tuilleadh airgid don gheilleagar s’againn mar gheall ar ghnólachtaí.
- Méadaíonn sí ranníocaíochtaí cánach a íocann as Oideachas, Sláinte agus Feabhsúcháin i dTuaisceart Éireann.
- Éascaíonn sí easpa scileanna – tagann dochtúirí agus altraí a théann i mbun oibre inár n-ospidéal anseo.

## Dúshláin – Inimirce

- Ciníochas agus teannas sa phobal ag méadú.
- Claontacht agus stéiréitipáil le feiceáil.
- Leithcheal ag méadú.
- Tá acmhainní agus seirbhísí faoi bhrú amhail tithíocht; liostaí feithimh sna hospidéal; bacainní teanga.

